An Binse Luachála
Aras Urmhumhan
Cé Urmhumhan
Uachtarach
Baile Átha Cliath 7
Teileafón: 8728177
(3 líne)
Faics: 8728060.

Valuation Tribunal
Ormond House
Ormond Quay
Upper
Dublin 7
Phone: 8728177
Fax: 8728060.

IS MAR CHABHAIR AMHÁIN DO CHOMHLÁNÚ AN FHÓGRA ACHOMHAIRC IAD NA TREOIRLÍNTE SEO A LEANAS AGUS NÍ AIRBHEARTAÍTEAR GO BHFUIL AON LÉIRIÚ DLÍTHIÚIL AG GABHÁIL LEO

TREOIRLÍNTE MAIDIR LE FÓGRA ACHOMHAIRC A CHOMHLÁNÚ

Faoi Alt 22 (4) den Acht um Láithreáin Thréigthe, 1990, féadfaidh **ÚINÉIR** talún uirbí achomharc a dhéanamh chun an Bhinse Luachála i gcoinne cinneadh maidir le Margadhluach talún ag an údarás áitiúil.

Uimhir
Ceiste:

1. Líon isteach mionsonraí an láithreáin (m.sh. tíopa suíomh, méid etc.

2. Líon isteach ainm agus gnáthsheoladh **ÚINÉIR** na talún uirbí is ábhar don achomharc, ainm an údaráis áitiúil lena mbaineann agus an dáta a **bhfuarthas*** an cinneadh atá déanta ag an Údarás Áitiúil. [*Caithfear an achomharc a dhéanamh laistigh d'ocht lá is fiche ón lá a raibh an fógra faighte.

3. Líon isteach an Margadhluach arna chinneadh ag an Údarás Áitiúil.

4. De réir Alt 22 (7) den Acht um Láithreáin Thréigthe, 1990, caithfidh tú na forais shonracha atá leis an achomharc a leagan amach. I bhfocail eile, déan cur síos gairid ar an gcúis bheacht nó na cúiseanna beachta atá agat le hachomharc a dhéanamh in aghaidh chinneadh an Mhargadhluacha.

5. Líon isteach ainm agus seoladh aon duine eile, i do thuairimse, a ndéanann an margadhluach arna chinneadh ag an údarás áitiúil difear dóibh.

6. Is mar seo a leanas an táille ba chóir a bheith i dteannta leis an bhFógra Achomhairc chun an Bhinse:-

Margadhluach arna chinneadh ag an Údarás Áitiúil	Táille Achomhairc
Níos lú ná €65,000	€ 60
€65,000 ach níos lú ná €130,000	€125
€130,000 nó os a chionn	€190

Ba chóir seiceanna etc. a dhéanamh iníoctha leis an mBinse Luachála.

7. Le comhlánú nuair is gá comhfhreagras a chur ar aghaidh chuig Aturnae nó Gníomhaire (scrios amach na focail nach n-oireann).